Treoirnótáí chun d'Fhoirm Iarratais ar Cheadúnas Tiomána a chomhlánú

National Driver Licence Service
An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána

Cuid 1: Sonraí Pearsanta

1. Má bhí cead foghlaimeora nó ceadúnas tiomána agat roimhe sin, ní mór duit an uimhir tiomána a sholáthar (tá sé seo le fáil ag 4d ar an gceadúnas plaisteach nó 5 ar an gceadúnas páipéir)
2. Roghnaigh de réir mar is cuí
3. Is é seo an céadainm a thaispeánfar ar do cheadúnas tiomána. Ní mór go mbeadh an t-ainm seo díreach mar a chéile leis an Aitheantas Grianghrafadóireachta. (Feic liosta 1 ar leathanach 2) atá leis seo
4. Is é seo an sloinne a thaispeánfar ar do cheadúnas tiomána. Ní mór go mbeadh an t-ainm seo díreach mar a chéile leis an Aitheantas Grianghrafadóireachta. (Feic liosta 1 ar leathanach 2) atá leis seo
5. Cuir isteach an t-ainm mar a fheictear é ar do theastas breithe
6. Má d'athraigh do shloinne ó eisíodh do chead foghlaimeora nó do cheadúnas tiomána deiridh ní mór duit an chúis a thabhairt le fios agus cáipéisíocht thacaíochta a chur ar fáil (e.g. teastas pósta, deimhniú colscartha/scartha, deimhniú um ghníomhas aonpháirtí). Teastaíonn cáipéisí bunaidh
7. Ba cheart gur ionann do sheoladh agus an áit ina gcónaíonn tú de ghnáth; do mhac léinn is ionann é seo agus an teach baile go ginearálta. Ba cheart go mbeadh an seoladh ar an bhfoirm iarratais díreach mar a chéile leis an bhfianaise seolta a cuireadh ar fáil nach féidir a bheith níos mó ná 6 mhí d'aois ag dáta an iarratais Feic liosta 2 ar leathanach 2.
   Tabhair faoi deara nach féidir glacadh le cóiríocht do mhac léinn, seoltaí gnó ná seoltaí 'faoi choimirce'. Ní mór go mbeadh an t-ainm ar an gcáipéis chruthúnas ar sheoladh díreach cosúil leis an ainm ar an bhfoirm iarratais. Ní réimse éigeantach atá san Éirchód. Maidir le cód dúiche poist Bhaile Átha Cliath, áirigh iad seo sa réimse "Contae/ Cathair".
8. Ní mór go mbeadh do dháta breithe mar a chéile leis an dáta ar d'Aitheantas Grianghrafadóireachta nó Teastas Breithe.
9. Roghnaigh de réir mar is cuí
10. Is é is UPSP, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí, ar aitheantóir uathúil é a chuidínn leat sochair stáit a rochtain, tá UPSP éigeantach agus is ga í a chomhlíonadh. Ní mór Cruthúnas UPSP a chur ar fáil (feic liosta 3). Mura bhfuil UPSP agat nó mura bhfuil tú in ann í a rianú, déan teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar 1890 927 999. I gcás go ndearna custaiméir iarratas leis an NDLS agus gur eisíodh ceadúnas dó ón 29 Deireadh Fómhair 2013, níl aon riachtanas le UPSP a chur i láthair don dara huair. Má d'athraigh do UPSP, ba cheart fianaise a chur ar fáil.
11. Má rugadh i bPoblacht na hÉireann tú, luaigh an contae inar rugadh tú. Má rugadh taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann tú, luaigh an tír inar rugadh tú.
12. Cuir isteach do shonraí teagmhála. Tabhair faoi deara nach nglactar ach le huimhreacha ghutháin phóca Éireannacha. Má bhíonn gá dúinn teagmháil a dhéanamh leat i ndáil le d'iarratas, úsáidfimid an modh cumarsáide ia rogha leat. B'fhéidir go mbeadh gá do NDLS, i gcúinsí áirithe modhanna cumarsáide eile a úsáid le teagmháil a dhéanamh leat. Ní thabharfaimid d'fhaisnéis d'aon tríú páirtí seachas de réir an dlí.

Cuid 2: Sonraí an Cheadúnais

13. Roghnaigh an cineál iarratais de réir mar is cuí. Feic an seicliosta Ceadúnais ar leathanach 4 den fhoirm iarratais don cháipéisíocht riachtanach a théann le gach iarratas.
14. Roghnaigh na catagóirí cuí le bheith le feiceáil ar do cheadúnas. Tá tábla catagóirí lena n-áirítear cur síos, aois íosta agus coinníollacha eile maidir le ceadúnas a shealbhú le fáil ar leathanach 4 de na treoirnótaí seo. Tabhair faoi deara: Ní féidir ach catagóirí ceadúnais lena bhfuil siad ina dteideal a thabhairt d'iarrthóir.
15. Cuir isteach sonraí faoi aon cheadúnas tiomána arna eisiúint i dtír eile
16. Má cailleadh nó má goideadh an ceadúnas tiomána reatha nó is déanaí a eisíodh duit, ní mór duit dearbhú an Gharda Síochána a chomhlánú agus stampa a fháil air ag do stáisiún Gardaí áitiúil.

Cuid 3: Ceadúnas a mhalartú

17. Cuir sonraí ar fáil má fuarthas an ceadúnas atá á mhalartú agat trí cheann níos luaithe a mhalartú. Feic leathanach 3 i gcomhar tuilleadh sonraí.
18. Deimhnigh mura bhfuil aon chúis nach féidir an ceadúnas a mhalartú. I gcás gur díchailíodh tú i dtír AE le coinníoll gur gá duit tástáil tiomána/oiliúint tiomána a dhéanamh, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar chead foghlaimeora.
   Ba cheart duit ráiteas iománaí ón Údarás Ceadúnais Eachtrach agus an ceadúnas eachtrach a chur ar fáil má tá sé agat. Ní mór duit an tástáil tiomána/oiliúint tiomána a dhéanamh laistigh de 2 mhí. Féadfaidh tú ansin iarratas a dhéanamh chun an ceadúnas eachtrach a mhalartú trí theastas inniúlachta/teastas um oiliúint tiománaí a chur ar fáil.
   I gcás gur díchailíodh tú i dtír AE le coinníoll gur gá duit tástálacha síceolaíocha a dhéanamh, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar mhalartú ceadúnas tiomána agus is ga duit tuairisc Leighis a chur ar fáil.
19. Deimhnigh an dáta ar tháinig tú chun cónaithe in Éirinn.

Cuid 4: Deonú Orgán

20. Más mian leat do chuid orgán a dheonú, féadfaidh tú seo a thaifeadadh ar do cheadúnas. Beidh cód ar an gceadúnas a chuirfidh gairmithe leighis ar an eolas faoi seo. Ach, i gcoinneáil leis an seasamh dlí reatha, rachfar i gcomhairle le do neasghaol i gcás aon chinneadh den chineál seo

Cuid 5: Feiliúnacht Tiománaí. Feic chomh maith an fhaisnéis um Fheiliúnacht Tiománaí ar leathanach 3 de na nótaí seo.

21. D'fhéadfadh go mbeadh foirm um thuairisc radharc na súl D502 a bheith ag teastáil le d'iarratas. Feic leathanach 3
22. Ní mór duit na ceisteanna leighis seo ar fad a fhreagairt. Má fhreagraíonn tú go dearfach le ceann ar bith de cheisteanna 22 go 42 nó le 43(c), beidh tuairisc leighis bhailí arna dhátú laistigh de mhí amháin ó dháta an iarratais ag teastáil.
   Is gá do gach tiománaí os cionn 70 bliain (nó a dtéann a gceadúnas reatha in éag ar an oíche roimh a 70ú breithlá) a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar cheadúnas, tuairisc leighis do cheadúnas tiomána ó Dhochtúir a chur ar fáil. Ní mór tuairisc leighis do cheadúnas tiomána ó Dhochtúir a bheith le gach iarratas ar cheadúnas Ghrúpa 2 (murar cuireadh ceann isteach cheana a chlúdaíonn tréimhse iomlán an cheada nó an cheadúnais agus a chlúdaíonn catagóirí ghrúpa 2.)

Cuid 6: Dearbhú an iarrthóra

44. Tríd an dearbhú seo a síniú tá tú ag deimhniú go bhfuil an fhaisnéis ar fad a tugadh fíor agus beacht, is cion atá ann faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre chun faisnéis bhréige a thabhairt agus beidh pionóis i bhfeidhm.

Táillí agus íocaíocht

Leagtar amach na táillí do cheadúnas tiomána thíos:

Costas ar Chineál Ceadúnais

Ceadúnas deich mbliana (nó tréimhse níos mó ná trí bliana)	€55
Ceadúnas trí bliana (arna eisiúint ar fhorais aoise agus leighis)	€35
Ceadúnas aon bhliana (arna eisiúint ar fhorais leighis)	€25
Catagóir cheadúnas nua a chur le ceadúnas reatha	€35
Ceadúnas eachtrach a mhalartú	€55
Ceadúnas a malartaíodh thar lear a ionadú	€35/€55
Athrú le sonraí pearsanta	Níl aon táille
Ceadúnas do dhaoine os cionn 70	Níl aon táille

Glacfaidh an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána leis na modhanna íocaíochta seo a leanas le d'iarratas: Airgead tirim Seic Dréacht Bainc Ordú airgid Cárta dochair / cárta creidmheasa / cárta creidmheasa réamhíoctha

Ní ghlacfaidh an NDLS ach le modh íocaíochta amháin i leith gach iarratais. Ní ghlacfaidh an NDLS ach le híocaíocht amháin le haghaidh iarratas amháin – ní ghlacfar le híocaíocht aonair i gcomhair roinnt iarratas.

Ní mór go mbeadh seic, dréachtaí bainc nó orduithe airgid iníoctha leis 'an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS)'. D'iarratais a íoctar le seic, tabhair faoi deara go gcuirfear na hiarratais sin ar feitheamh go dtí go nglantar an seic.

Próiseálfaidh an NDLS íocaíochtaí cárta dochair agus creidmheasa de réir rialacha an Tionscail Chárta Íocaíochta (PCI). Más mian leat cárta dochair nó creidmheasa tríú páirtí a úsáid don íocaíocht, is ga go mbeadh an tríú páirtí i láthair chun an íocaíocht a dhéanamh.

Má thaispeántar Cárta Seirbhíse Poiblí (PSC) ag an ionad NDLS beidh do phróiseas iarratais níos simplí mar go sásaíonn an PSC na riachtanais a leanas.

- Aitheantas le grianghraf,
- Fianaise ar UPSP,
- Fianaise ar sheoladh (i gcás go bhfuil gur tugadh do sheoladh don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP),
- Fianaise ar theidlíocht chónaithe (i gcás go bhfuil d'áit bhreithe nó do náisiúntacht laistigh den Aontas Eorpach / Limistéar Eorpach Eacnamaíoch/ Eilvéis).

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Cárta Seirbhíse Poiblí a fháil, tabhair cuairt ar www.psc.gov.ie nó déan teagmháil le d'oifig Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí áitiúil.

Seirbhís ar líne NDLS

Ó Mheitheamh 2018 ar aghaidh, má bhíonn Cárta Seirbhíse Poiblí (PSC) agat agus má tá cuntas MyGovID fíoraithe agat, d'fhéadfá a bheith incháilithe chun do cheadúnas tiomána/chead foghlaimeora a athnuachan ar líne. Tabhair cuairt ar www.ndls.ie chun tuilleadh a fhoghlaim i ndáil leis an tseirbhís ar líne.

Mura bhfuil Cárta Seirbhíse Poiblí (PSC) agat, is gá duit cáipéisíocht a thaispeáint ag an ionad NDLS chun na 4 riachtanas a leanas a shásamh; 1. Aitheantas le Grianghraf, 2. Fianaise ar sheoladh, 3. Fianaise ar UPSP agus 4. Fianaise ar theidlíocht chónaithe.

Liosta 1: Aitheantas le grianghraf

- Cárta Seirbhíse Poiblí
- Pas Éireannach nach féidir a bheith éagtha ar feadh níos mó ná 12 mhí
- Ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora Éireannach
- Pas reatha do gach saoránach neamh-Éireannach (bailí lena úsáid go hidirnáisiúnta)
- Cárta Aitheantais Náisiúnta reatha do shaoránaigh AE/ LEE/Eilvéise
- Teastas Eadóirseachta Éireannach
- Ceadúnas tiomána RA reatha le grianghraf
- Cáipéis taistil Éireannach reatha

Liosta 2: Fianaise ar sheoladh

- Cárta seirbhíse poiblí

Tabhair faoi deara. Caithfidh fianaise ar sheoladh a bheith dátaithe laistigh de 6 mhí ó dháta an iarratais.

- Bille fóntais. Ní ghlacfar le billí ghuthán soghluaiste
- Ráiteas nó comhfhreagras eile ó bhanc/chumann foirgníochta/chomhar creidmheasa lena n-áirítear ríomh-Ráitis
- Litir ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí/ó na Coimisinéirí Ioncaim
- Comhfhreagras oifigiúil eile ó ghníomhaireacht stáit Éireannach.
- Comhfhreagras ar pháipéar ceannteidil ó comhlacht oideachais nó oiliúna e.g. iar-bhunscoil; ollscoil; institiúid teicneolaíochta nó coláiste.
- Comhfhreagras ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais sláinte/saoil/cairr reatha

Liosta 3: Fianaise ar UPSP

- Cárta seirbhíse poiblí/cárta seirbhísí sóisialta
- Comhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim/ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar a dtaispeántar UPSP
- P21/Measúnú Cánach/ Fógra maidir le Creidmheasanna Cánach
- Admháil ó íocaíocht leasa shóisialaigh ar a dtaispeántar UPSP
- Cárta leighis / cárta Scéim Íocaíochta Drugaí (DPS) / cárta Árachas Sláinte Eorpach
- Duillín pá nó P60/P45

Liosta 4: Fianaise ar theidlíocht chónaithe

- Cárta Seirbhíse Poiblí – i gcás go bhfuil d'áit breithe nó do náisiúntacht laistigh den AE/LEE/Eilvéis.
- Teastas breithe nó teastas uchtaithe (fada) Éireannach/RA
- Ceadúnas Tiomána/Cead foghlaimeora i gcás go dtaispeánann uimhir 3 go bhfuil an áit bhreithe taobh istigh den AE/LEE/Eilvéis
- Teastas iontrála ar Chlár Éireannach na mBreitheanna Eachtracha
- Pas Éireannach/cárta pas (reatha nó éagtha nach mó ná 12 mhí)
- Pas reatha do gach saoránach AE/LEE/Eilvéiseach (bailí lena úsáid go hidirnáisiúnta)
- Cárta Aitheantais Náisiúnta reatha do shaoránaigh AE/ LEE/Eilvéise
- Teastas eadóirseachta Éireannach
- Teastas clárúcháin reatha (Cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce/cárta GNIB) nó cead cónaithe Éireannach (IRP) do shaoránaigh neamh-AE/LEE/ Eilvéise (caithfear na cártaí GNIB agus IRP a thaispeáint mar aon le pas reatha bailí le húsáid go hidirnáisiúnta nó Cárta Seirbhíse Poiblí)

Tá tuilleadh faisnéise maidir le cáipéisí inghlactha ar fáil ar www.ndls.ie

Nuair atá iarratas á dhéanamh, seachain línte sna hionaid trí cuairt a thabhairt ar an gcóras áirithinte ar líne ag www.ndls.ie. Féadfaidh tiománaithe le huimhir tiomána bhailí nó uimhir PSP a gcuairt a chur in áirithe i gcomhair dáta agus am a fheileann dóibh.

Ionaid NDLS

Tabhair faoi deara: Ní féidir leis na hionaid seo ach iarratais a dhéanann an duine ar an láthair a phróiseáil. Ná postáil iarratas chuig na hionaid seo mar ní phróiseálfar é

Ceatharlach Aonad 1, Urlár na Talún, Ionad Sráidbhaile na Gráige, An Ghráig Co. Cheatharlach
An Cabhán Aonad 5, Ionad Siopadóireachta an Chabháin, An Phríomhshráid, An Cabhán
An Clár Aonad 4, Ionad Siopadóireachta Inse, Inis
Corcaigh Aonad Tráchtála 1, Halla Copley, Sráid Mhic Coitir, síos ó Shráid Copley, Corcaigh
Corcaigh An Chéad Urlár, Comharchumann Marglainne Chorcaí, Bóthar na Maí, An Sciobairín
Corcaigh Oifig 17 (An Dara hUrlár), Ionad Siopadóireachta Chearnóg an Mhargaidh, Mala
Dún na nGall Aonad 7, Cúinne Boyce, Bóthar an Chalafoirt, Leitir Ceanainn
Dún na nGall Eurohouse, Bóthar na gCealla Beaga, Baile Dhún na nGall
Baile Átha Cliath Aonad 9, Ionad Siopadóireachta Bhaile na Lobhar, Bóthar Bhaile Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 18
Baile Átha Cliath Aonad H Oifigí Own Door, Ionad Siopadóireachta Iarthar na Cathrach, Iarthar na Cathrach
Baile Átha Cliath Aonad 236, Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni, Bóthar Shoird, Seantrabh
Baile Átha Cliath Aonad 3, Urlár 3, Ionad Siopadóireachta Clarehall, Bóthar Mhullach Íde
Gaillimh Urlár na Talún, Bloc 1, Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach, Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh
Gaillimh An Clochán (Oscailte Dé Luain amháin, 9am go 4pm), Óstán an Station House
Ciarraí Aonad Idirurlair, Ionad Siopadóireachta an Mhainéir Thiar, Trá Lí
Cill Dara 5B Teach an Leamháin, Páirc na Mílaoise, An Nás
Cill Chainnigh Aonad 2E, An Chéad Urlár, Ionad Cillin Hill, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cill Chainnigh
Laois Aonad 29A, Ionad Siopadóireachta Laoise, Port Laoise
Liatroim Aonad 7, Lána an Droichid, Cora Droma Rúisc
Luimneach Aonad 29, Ionad Siopadóireachta Bhealach na Páirce, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Luimneach
An Longfort Seomra 3, Ionad Gnó, Ionad Siopadóireacht an Longfoirt, An Longfort
Lú Urlár na Talún Aonad 3, Ionad Siopadóireachta Gheata an Deiscirt, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Droichead Átha
Maigh Eo Sráid Antroma Nua, Caisleán an Bharraigh
Maigh Eo Béal an Mhuirthead (Oscailte Dé Máirt amháin, 9am go 4pm), Óstán Chuan Chnocán na Líne
An Mhí Aonad 3 Bealach Uí Fhionnagáin, Sráid Emmet, Baile Átha Troim
Muineachán Oifig 2, An Chéad Urlár, Teach Uí Chleircín, Cearnóg na Seanchroise, Muineachán
Uíbh Fhailí Seomra 201, Seomra an Dúin, Foirgnimh an Chaisleáin, Sráid na Teamhrach, An Tulach Mhór
Ros Comáin Aonad 1, Páirc Ghnó an Ráschúrsa, Ros Comáin
Sligeach Urlár na Talún, Teach na Mílaoise, Sráid Stiofáin, Sligeach
Tiobraid Árann Seomra 5A, An Dara Urlár, Teach Bhaile an Phaoraigh, Páirc Ghnó Ghort na bhFlúr, Cluain Meala
Tiobraid Árann 10 Sráid an Airgid, an tAonach
Port Láirge Ionad Siopadóireachta Phort Láirge, Lios Dúgáin, Port Láirge
An Iarmhí Ionad Siopadóireachta Oileán an Óir, Baile Átha Luain
An Iarmhí Aonad 1A, Ionad Siopadóireachta an Mhuilinn Chearr, Bóthar an Ásaigh, an Muileann gCearr
Loch Garman 7a an Chearnóg, Cearnóg Mhic Réamainn, Loch Garman
Cill Mhantáin Aonad C16, Ionad Fiontair Chill Mhantáin, An Mhuiríoch, Cill Mhantáin

Eolas Ginearálta:

Teidlíocht chónaithe

Tá teidlíocht chónaithe de dhíth i gcomhair gach iarratas NDLS.

Caithfear fianaise ar theidlíocht chónaithe a chur ar fáil leis an gcéad iarratas chuig NDLS agus d'fhéadfaí go mbeadh gá é a sholáthar le iarratais ina dhiaidh sin cosúil le hathnuachana, catagóir a chur leis, ceadúnais ionaid agus athrú le sonraí pearsanta.

I gcás athnuachana, catagóir a chur leis, ceadúnais ionaid, athrú le sonraí pearsanta – ní bheidh fianaise ar theidlíocht chónaithe ag teastáil ach i gcás:

Go bhfuil an áit bhreithe ar do cheadúnas nó cead reatha taobh amuigh den AE/LEE/Eilvéis (Taispeántar áit bhreithe ag uimhir 3 ar do cheadúnas tiomána/chead foghlaimeora agus taifeadtar ar do thaifead tiománaí é) NÓ

Má tá Cárta Seirbhíse Poiblí agat agus má tá d'áit bhreithe agus náisiúntacht taifeadta amhail a bheith taobh amuigh den AE/LEE/Eilvéis, beidh ort fianaise ar theidlíocht chónaithe a sholáthar.

Féach Liosta 4 ar leathanach 2 de na nótaí treoracha i gcomhair liosta cáipéisí is féidir a úsáid mar fhianaise ar theidlíocht chónaithe.

Tréimhse an Cheadúnais:

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar cheadúnas suas le trí mhí roimh dháta éaga an cheadúnais. Má tá do cheadúnas in éag ar feadh deich mbliana nó níos mó, ní mór duit an próiseas iarratais a thosú as an nua agus an tástáil teoirice tiomána a thógáil, ceachtanna tiomána éigeantacha agus tástáil tiomána a dhéanamh. Maireann ceadúnas tiomána d'fheithiclí Ghrúpa 1 (tarracóirí talún, carranna agus gluaisrothair) ar feadh tréimhse 10 mbliana de ghnáth. Tá roinnt eisceachtaí leis an riail seo – má tá tú os cionn 70 bliain d'aois nó má tá riocht leighis agat, d'fhéadfadh do Dhochtúir a shonrú gur cheart ceadúnas trí bliana nó ar feadh tréimhse níos giorra a thabhairt duit. Má tá tú os cionn 60 bliain, bronnfar ceadúnas duit go dtí aois 70, má tá tú os cionn 67 ach níos óige ná 70 bliain, tabharfar ceadúnas trí bliana duit.

Maireann ceadúnas tiomána d'fheithiclí Ghrúpa 2 (leoraithe, busanna agus feithiclí altacha) ar feadh tréimhse cúig bliana de ghnáth.

Ón 1 Meitheamh 2015, ní chuirfear a tréimhse nach bhfuil éagtha den cheadúnas tiomána nó cead foghlaimeora roimhe sin le tréimhse bhailíochta an cheadúnais tiomána nó an cheada tiomána nua

Ceadúnas a mhalartú

Féadfaidh tú malartú a dhéanamh ar cheadúnas tiomána ó thír AE eile, ó na tíortha LEE seo: An Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua agus ó na stáit aitheanta seo a leanas: An Astráil, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Afraic Theas, an Chóiré Theas, an Eilvéis, an Téaváin agus Cúigí Cheanada Manitoba, Ontario, British Columbia agus Talamh an Éisc agus Labradar. Feic www.ndls.ie i gcomhair aon nuashonruithe leis an liosta tíortha aitheanta.

Ní mór duit an ceadúnas malartaithe a thabhairt uait le d'iarratas ar cheadúnas Éireannach. Más ceadúnas ó Thuaisceart Éireann atá á mhalartú, is gá go mbeadh an chontrapháirt in éineacht leis. Mura bhfuil an ceadúnas contrapháirte ar fáil, ní mór do bhall den Gharda Síochána an Dearbhú Ceadúnais ar leathanach 2 a chomhlánú agus a shíniú. I gcás go bhfuil ceadúnas AE/LEE á mhalartú agat, féadfaidh an ceadúnas a bheith éagtha suas le deich mbliana, cé nach féidir le ceadúnas ó stát aitheanta a bheith éagtha ar feadh níos mó ná bliain amháin le bheith incháilithe le malartú. Tabhair faoi deara: Ní féidir ceadúnas a mhalartú má tá sé ar fionraí mar gheall ar fhíneálacha gan íoc.

Má tá ceadúnas éagtha nó caillte á mhalartú agat, beidh litir bhunaidh teidlíochta ón údarás ceadúnaithe ag teastáil.

Ní mór duit sonraí a chur ar fáil má eisíodh an ceadúnas gur mian leat á mhalartú tar éis ceann níos luaithe a mhalartú. I gcás gur eisíodh ceadúnas tiomána tar éis malartú ó thíos nach bhfuil beartas um malartú ceadúnais tiomána aice le hÉirinn, ní féidir le hÉirinn an ceadúnas tiomána a mhalartú.

Má tá ceadúnas a mhalartú agat ina n-áirítear feithiclí Ghrúpa 2 (e.g. leoraithe agus busanna), nó má tá tú ag fulaingt ó riocht arna leagan amach i gcuid 5 den fhoirm iarratais ina n-éilítear tuairisc leighis do cheadúnas tiomána nó má tá tú os cionn 70 bliain ní mór duit tuairisc leighis a áireamh le d'iarratas. I gcás go bhfuil an ceadúnas atá á mhalartú ó thír taobh amuigh den AE/LEE, ní mór duit tuairisc um radharc na súl a áireamh le d'iarratas.

Beidh ar iarratasóirí aitheantas a chruthú faoi na 4 chritéir arna leagan amach thíos sa chuid um Dheimhniú Aitheantais.

D'fhéadfadh litreacha bunaidh teidlíochta a bheith ag teastáil mar aon le hiarratais mhalartaithe ó stáit aitheanta áirithe. D'fhéadfadh litir teidlíochta a bheith ag teastáil i gcásanna áirithe e.g. ceadúnais chaillte/ghoidte/dhamáistithe, ceadúnas éagtha, gan aon dátaí tosaigh ar an gceadúnas. Feic www.ndls.ie i gcomhair faisnéis bhreise.

Tabhair faoi deara: is gá aistriúchán deimhnithe a chur ar fáil ar gach litir nach bhfuil i mBéarla nó i nGaeilge. Feic www.ndls.ie i gcomhair faisnéis bhreise. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé 2/3 mhí a thógáil chun iarratais ar cheadúnas a mhalartú a phróiseáil mar gur gá dúinn teagmháil a dhéanamh leis an údarás ceadúnaithe bunaidh.

Riachtanais um Fheiliúnacht Tiománaí agus Thuairisc Leighis:

Ní mór do thiománaithe caighdeán áirithe feiliúnachta leighis a bhaint amach d'fhonn tiomáint go sábháilte. Má mholann do dhochtúir duit stopadh ag tiomáint is cion atá ann leanúint ag tiomáint agus bíonn tionchar aige ar do chlúdach árachais.

Teastaíonn caighdeán níos airde feiliúnachta leighis ó thiománaithe leoraithe nó busanna.

I gcomhair tuilleadh faisnéise ar chaighdeáin leighis feic an cháipéis "Sláinte agus Tiomáint" ar www.ndls.ie.

• I gcás go bhfreagraítear ceisteanna faoi Sláinte agus Oiriúnacht i gcuid 5 (seachas 43(a) nó 43(b)) den fhoirm iarratais le 'Tá' beidh foirm um thuairisc leighis ag teastáil.

Cinntigh go gcomhlánaítear an tuairisc leighis ina iomláine agus go gcuirtear i láthair ag an ionad NDLS í laistigh de mhí amháin ó rinne do Dhochtúir í.

• Ar bhunús na faisnéise ar d'fhoirm iarratais, féadfaidh an t-údarás ceadúnaithe iarradh ort tuairisc leighis ó do Dhochtúir a sheoladh isteach. Ní mór go mbeadh do Dhochtúir cláraithe ar Chlár Ginearálta na gCleachtóirí Leighis in Éirinn.

Níl tuairisc um radharc na súl do cheadúnas tiomána ag teastáil i gcás go gcuirtear tuairisc leighis ar fáil mura dtugann an Dochtúir sin le fios. Tá foirmeacha um thuairisc Leighis do cheadúnas tiomána agus um thuairisc ar Radharc na Súl a íoslódáil ó www.ndls.ie nó tá siad ar fáil ón ionad NDLS is cóngaraí duit.

B'fhéidir go mbeadh cúnamh ag teastáil uait ó do dhochtúir chun cuid de na ceisteanna i gCuid 5 a chomhlánú. Is é cuspóir na gceisteanna a chinntiú go bhfuil tú ar an eolas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar do thiomáint. I gcásanna áirithe, má bhíonn riocht ar leith agat, tabharfar ceadúnas duit ar feadh tréimhse níos giorra ama (e.g. ar feadh tréimhse bliana amháin nó trí bliana).

Teastaíonn foirm um thuairisc ar radharc na súl i gcás gur chath tú spéaclaí/lionsaí roimhe seo i gcomhair tiomána agus nach gá duit sin a dhéanamh a thuilleadh. Teastaíonn sé chomh maith i gcásanna áirithe agus ceadúnas ó thír taobh amuigh de AE á mhalartú.

Fíorú Aitheantais:

Beidh ar gach custaiméir den tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána teacht i láthair ionad NDLS áit a nglacfar a bpictiúr agus a ndeimhneofar a n-aitheantas. Cuirfidh gach sealbhóir de Cheadúnas/Chead reatha a gceadúnas tiomána/gcead foghlaimeora agus fianaise dá UPSP i láthair.

Beidh ar gach custaiméir cáipéisí a chur ar fáil chun a n-aitheantas a dheimhniú. Tá 4 chéim le sásamh ag an gcustaiméir sa phróiseas um dheimhniú aitheantais; 1. Aitheantas Grianghraif, 2. Fianaise ar sheoladh, 3. Fianaise UPSP agus 4. Fianaise ar theidlíocht chónaitheachta.

Féadfaidh an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána cáipéisí aitheantais a choinneáil chun próiseáil an iarratais a chumasú. Má choinníonn an t-ionad NDLS aon cháipéisí, eiseofar admháil agus seolfar na cáipéisí ar ais nuair a phróiseáiltear an t-iarratas. Leagtar amach ar liosta 1-4 na cáipéisí atá inghlactha. D'fhéadfadh mír amháin riachtanais 2 liosta a shásamh mar shampla, d'fhéadfadh comhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim a bheith mar chruthúnas ar sheoladh agus cruthúnas ar UPSP (má tá sé dátaithe laistigh de 6 mhí).

Oiliúint Bhunaidh Tosaigh (IBT) do Ghluaisrothaithe

Cúrsa oiliúna éigeantach atá san oiliúint bhunaidh tosaigh (IBT) ina múintear scileanna bunúsacha rothaíochta do ghluaisrothaithe i mbun foghlama. Maireann an gnáthchúrsa 16 huair agus is féidir é a bhriseadh síos ina gceithre mhodúl, gur féidir a thógáil ag céimeanna éagsúla. Beidh ort cúrsa oiliúna IBT gluaisrothair a chríochnú sular féidir leat do rothar a thabhairt ar an mbóthar asat féin. Ag deireadh an chúrsa IBT, gheobhaidh tú teastas críochnaithe gur cheart a choinneáil le do chead foghlaimeora. Ní fhéadfaidh tú cúrsa IBT a dhéanamh ach le hoiliúnóir faofa. Agus bealach céimnitheach á thógáil agat chun ceadúnas iomlán a fháil ar rothar níos mó, teastaíonn teastas IBT le d'iarratas. I gcomhair faisnéis níos mionsonraithe i ndáil le IBT feic www.rsa.ie

Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) – leoraithe agus busanna

Braitheann an aois íosta chun Cead Foghlaimeora a thógáil i gCatagóirí C, CE, D agus DE ar an dtógann tú an tástáil CPC don chatagóir ceadúnais sin (feic an tábla ar leathanach 4 de na nótaí seo). Má tá an CPC á thógáil agat, beidh ort tástáil teoirice CPC a dhéanamh agus nuair a bheidh an tástáil teoirice tiomána á déanamh agat beidh céim speisialta CPC leis an tástáil. I gcomhair faisnéis níos mionsonraithe i ndáil le CPC feic www.rsa.ie

Déantar cur síos sa Tábla thíos ar gach feithicil i gcatagóir ceadúnais mar aon le haois íosta agus coinníollacha eile a bhaineann le do cheadúnas tiomána do gach feithicil. Cuideoidh sé seo leat an ceadúnas gur mian leat iarratas a dhéanamh air a aithint.

Ceadúnas eile	Cur síos maidir le ceadúnas ón 19 Eanáir 2013	Aois íosta agus Catagóirí maidir le ceadúnas a shealbhú
AM	Móipéid. Cuadrothair éadroma.	16
A1	Gluaisrothair le toilleadh innill nach mó ná 125cc, le rátáil cumhachta nach mó ná 11 kW agus cóimheas cumhacht le meáchan nach mó ná 0.1 kW/kg. Trírothaigh mhótair le rátáil cumhachta nach mó ná 15 kW.	16
A2	Gluaisrothair le rátáil cumhachta nach mó ná 35 kW, agus cóimheas cumhacht le meáchan nach mó ná 0.2 kW/kg agus nár díorthaíodh ó fheithicil le níos mó ná dúbailt a chumhachta.	18
A	Gluaisrothair. Trírothaigh mhótair.	20 (Rochtain leanúnach) 24 (Rochtain dhíreach) 21 Trírothaigh mhótair.
B	Feithiclí (seachas gluaisrothair, móipéid, feithiclí oibre nó tarracóirí talún) agus MAM[1] nach mó ná 3,500 kg acu, a dearadh nó a tógadh chun nach mó ná 8 paisinéirí a iompar mar aon leis an tiománaí agus i gcás nach bhfuil meáchan MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg. Níor cheart go mbeadh meáchan cónasctha MAM[1] na feithicle tarraingthe agus an leantóra níos mó ná 3,500 kg. Tagann Cuadrothair (seachas iad siúd a chlúdaítear in AM) faoin gcatagóir seo chomh maith.	17
BE	Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir B agus leantóir i gcás nach mó meáchan MAM[1] an leantóra mó ná 3,500 kg.	17 (Ní mór duit ceadúnas iomlán B a bheith agat roimh chead BE a fháil)
W	Feithiclí oibre agus tarracóirí talún. Arna sainmhíniú mar aon fheithicil cumhachta ag rith ar rothaí nó rianta agus ar a laghad dhá acastóir, a bhfuil a príomhfheidhm ina cumhacht tarraingthe, a dearadh go speisialta chun uirlisí, innill nó leantóirí ar leith a tharraingt, a bhrú nó a oibriú, a úsáidtear i gcomhar le haon oibríochtaí talmhaíochta nó foraoiseachta, agus nach bhfuil a n-úsáid chun daoine nó earraí a iompar ar an mbóthar, nó feithiclí a úsáidtear chun earraí a iompar ar an mbóthar a tharraingt ach ina fheidhm thánaisteach.	16
C	Feithiclí (seachas feithiclí i gcatagóirí D nó D1, feithiclí oibre nó tarracóirí talún) agus MAM1 os cionn 3,500 kg acu, agus a dearadh nó a tógadh chun níos mó ná 8 paisinéirí a iompar mar aon leis an tiománaí. Féadfar mótarfheithiclí sa chatagóir seo a chónascadh le leantóir i gcás nach bhfuil MAM1 an leantóra níos mó ná 750 kg.	18 le CPC 21 gan CPC (Ní mór duit ceadúnas iomlán B a bheith agat sula bhfaigheann tú cead C)
CE	Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir C agus leantóir i gcás go bhfuil meáchan MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg.	18 le CPC 21 gan CPC (Ní mór duit ceadúnas iomlán C a bheith agat sula bhfaigheann tú cead CE)
C1	Feithiclí i gcatagóir C a bhfuil meáchan MAM[1] nach mó ná 7,500 kg acu, agus cóiríocht acu do nach mó ná 8 paisinéirí mar aon leis an tiománaí. Féadfar mótarfheithiclí sa chatagóir seo a chónascadh le leantóir i gcás nach bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg.	18 (Ní mór duit ceadúnas iomlán B roimh chead C1 a fháil)
C1E	Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir C1 le leantóir i gcás go bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg agus i gcás nach sáraíonn MAM[1] cónasctha na feithicle tarraingthe agus an leantóra 12,000 kg. Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir B le leantóir i gcás go bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 3,500 kg agus i gcás nach sáraíonn MAM[1] cónasctha na feithicle tarraingthe agus an leantóra 12,000 kg.	18 (Ní mór duit ceadúnas iomlán C1 bheith agat roimh chead C1E a fháil)
D	Feithiclí a dearadh nó a tógadh chun níos mó ná 8 paisinéirí a iompar mar aon leis an tiománaí agus i gcás nach bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg.	21 le CPC 24 gan CPC (Ní mór duit ceadúnas iomlán B a bheith agat sula bhfaigheann tú cead)
DE	Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir D agus leantóir i gcás go bhfuil meáchan MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg.	21 le CPC 24 gan CPC (Ní mór duit ceadúnas iomlán D a bheith agat sula bhfaigheann tú cead DE)
D1	Feithiclí i gcatagóir D a dearadh agus a tógadh chun nach mó ná 16 paisinéirí a iompar mar aon leis an tiománaí agus uasfhad nach faide ná 8 méadar. Féadfar mótarfheithiclí sa chatagóir seo a chónascadh le leantóir i gcás nach bhfuil MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg.	21 (Ní mór duit ceadúnas iomlán B roimh chead D1 a fháil)
D1E	Meascán d'fheithiclí tarraingthe i gcatagóir D1 agus leantóir i gcás go bhfuil meáchan MAM[1] an leantóra níos mó ná 750 kg.	21 (Ní mór duit ceadúnas iomlán D1 a bheith agat sula bhfaigheann tú cead D1E)

MAM1 Uasmheáchan Údaraithe

*Ní sainmhíniú dlíthiúil ar chatagóirí ceadúnais é seo. Chun tuilleadh a fháil amach faoi seo agus faoi fhaisnéis cheadúnaithe ghinearálta eile, feic ár suíomh gréasáin www.rsa.ie.

1. Uasmheáchan Údaraithe – Uasmheáchan Údaraithe (MAM). Is é seo meáchan feithicle nó leantóra agus an t-uaslód gur féidir léi a iompar san áireamh de réir sonraíochtaí deartha an déantóra. Tugtar Ollmheáchan Ceaptha Feithicle (DGVW) air chomh maith.

I gcás ceadanna agus ceadúnais do chatagóirí C, CE, D agus DE (leoraithe agus busanna) braitheann an aois íosta gur féidir leat cáiliú ar an bhfuil an tástáil don Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) á tógáil agat don chatagóir ceadúnais sin. Má tá an CPC á thógáil agat, beidh ort tástáil teoirice CPC a dhéanamh agus nuair a bheidh an tástáil teoirice tiomána á déanamh agat beidh céim speisialta CPC leis an tástáil. I gcomhair tuilleadh faisnéise ar CPC feic ár suíomh gréasáin www.rsa.ie/cpc. I gcomhair ceadanna gluaisrothair i gcatagóir A, ní féidir rochtain chéimnitheach ar chead a bhronnadh ag aois 20 ach má bhí ceadúnas iomlán ag an rothaí i gcatagóir A2 le dhá bhliain.